Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2023
(OR. en)

15950/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0164(COD)**

**TRANS 531
MAR 155
OMI 82
PECHE 539
IA 323
CODEC 2258**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13015/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10115/23 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair<br>- Cur chuige ginearálta |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 1 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Baineann an togra le modhnú ar Threoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

1 IO L 131, 28.5.2009, lch. 114.

3. Foráiltear le Treoir 2009/18/CE do chóras imscrúduithe sábháilteachta chun ceachtanna a fhoghlaim ó thionóiscí muirí agus chun iad a chosc ó bheith ag tarlú in athuair. Is chun sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus chun an mhuirthimpeallacht a chosaint a dhéantar tionóiscí muirí a thagann faoi raon feidhme na Treorach a imscrúdú.

4. Seo a leanas, go sonrach, atá mar chuspóir ag an athbhreithniú ar an Treoir:

– an chosaint a thugtar do shoithí iascaireachta, dá gcriú agus don chomhshaol a fheabhsú. Ní thagann soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad faoi raon feidhme reatha na Treorach, rud a chiallaíonn nach ndéantar imscrúdú ar bhealach córasach comhchuibhithe ar thionóiscí lena mbaineann básanna agus caillteanas soithí;

– sainmhínithe agus an téacs dlíthiúil a shoiléiriú ionas go ndéanfaidh comhlachtaí um imscrúdú tionóiscí de chuid na mBallstát imscrúdú, ar bhealach tráthúil comhchuibhithe, ar na tionóiscí uile is gá a imscrúdú;

– feabhas a chur ar chumas comhlachtaí um imscrúdú tionóiscí (CITanna) tionóiscí a imscrúdú (agus tuairisc a thabhairt orthu) ar bhealach tráthúil, saineolach agus neamhspleách – lena n-áirítear maidir le breoslaí agus teicneolaíochtaí inathnuaite agus ísealcharbóin; agus

– roinnt sainmhínithe agus tagairtí do reachtaíocht ábhartha AE agus do rialacháin IMO a nuashonrú chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a áirithiú.

5. Ghlac an Coimisiún an togra i gcomhthéacs an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) dá chuid agus mar obair leantach láithreach ar mheastóireacht ex-post[1] agus Seiceáil Oiriúnachta Iompair Mhuirí[2], a rinneadh in 2018.

6. Tá an togra bunaithe ar thorthaí measúnaithe tionchair[3] a raibh staidéar tacaíochta seachtrach mar bhonn leis. Rinneadh an measúnú tionchair a chur i láthair agus a chíoradh ag cruinniú den mheitheal, agus níorbh ábhar mór imní é do na toscaireachtaí.

---

[1] 9131/18 + ADD 1
[2] 9128/18 + ADD 1
[3] 10115/23 + ADD 1 + ADD 2.

7. Bhí measúnú tionchair[1] ag gabháil leis an togra. Rinneadh an measúnú tionchair sin a chur i láthair agus a chíoradh ag cruinniú den mheitheal. Ba leis na costais a bhaineann le deimhniú córas bainistithe cáilíochta i gcás údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí agus le ríomh na gcostas sin a bhain na barúlacha a tugadh, den chuid is mó.

## II. SCRÚDÚ ARNA DHÉANAMH AG NA hINSTITIÚIDÍ EILE

8. An 20 Iúil 2023, cheap an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) de chuid Pharlaimint na hEorpa, Caroline Nagtegaal (Renew Europe, an Ísiltír) mar rapóirtéir. Thíolaic Caroline Nagtegaal an dréacht-tuarascáil uaithi an 18 Meán Fómhair agus tá sé beartaithe faoi láthair gur ar an 7 Nollaig a rachaidh Coiste TRAN i mbun vótála maidir leis an togra seo.

9. An 20 Meán Fómhair 2023, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra[2]. An 23 Meitheamh 2023, chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh.

## III. AN STAID REATHA SA CHOMHAIRLE

10. Phléigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra ag cruinnithe éagsúla, ó mhí an Mheithimh 2023 i leith. Chuir na toscaireachtaí go léir in iúl go dtacaíonn siad, a bheag nó a mhór, le cuspóirí an togra ón gCoimisiún, d'fhonn an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí a chosaint.

11. Ag an gcruinniú a bhí aige an 22 Samhain, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go dtacaíonn sé leis an gcomhréiteach is déanaí agus mhol sé don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Iompar) an 4 Nollaig 2023.

---

[1] 10115/23 + ADD 1 + ADD 2.
[2] 13372/23

12. Lena chur ar chumas comhlachtaí um imscrúdú tionóiscí (CITanna) tionóiscí a imscrúdú (agus tuairisc a thabhairt orthu) ar bhealach comhchosúil fud fad an Aontais, ba ar na rialacha atá ann cheana a dhéanamh níos soiléire agus níos comhsheasmhaí le rialacháin idirnáisiúnta ábhartha, a bhí an obair dírithe. Tugadh isteach athruithe éagsúla ar an togra ón gCoimisiún, agus é mar phríomhchuspóir acu na forálacha maidir le neamhspleáchas na gcomhlachtaí um imscrúdú tionóiscí agus rúndacht a bhfionnachtana a neartú, chomh maith le hualaí neamhriachtanacha riaracháin a laghdú. Tá trí phríomhathrú substainte nár chás a lua.

13. Ar an gcéad dul síos, rinneadh foclaíocht mhír (2) d’Airteagal 1 a choigeartú lena shoiléiriú nach é cuspóir na n-imscrúduithe a dhéanann CITanna dliteanas a chinneadh ná milleán a leagan. Tá creataí dlíthiúla i bhfeidhm cheana féin chuige sin ag na Ballstáit go léir; ba cheart don obair a dhéanann CITanna, a bheith dírithe, ina ionad sin, ar thuairisciú iomlán a dhéanamh ar cad faoi deara taismeach nó teagmhas muirí, gan bhrú seachtrach míchuí, ionas go bhféadfaí foghlaim ó thionóiscí muirí agus féachaint chuige nach dtarlóidís arís. Thairis sin, treisíodh na forálacha maidir le rúndacht faisnéise arna bailiú ag CITanna le linn imscrúduithe (Airteagal 9), chun brúnna seachtracha a sheachaint agus chun rochtain ar shonraí, a d’fhéadfadh a bheith ábhartha chun cúiseanna teagmhas muirí a shainaithint, a éascú. Ag an am céanna, rinneadh athbhreithniú ar Airteagal 17a chun ról an Choimisiúin agus EMSA a leagan amach ar bhealach níos fearr maidir le hoiliúint agus tacaíocht oibríochtúil do CITanna agus imscrúduithe ar bun acu; níor cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil ach amháin arna iarraidh sin do na húdaráis imscrúdaithe, agus sin mura mbíonn coinbhleacht leasa ar bith ann.

14. Ar an dara dul síos, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais éagsúla agus ar na socruithe éagsúla eagraíochtúla ar an leibhéal náisiúnta, agus ualaí neamhriachtanacha riaracháin á seachaint ag an am céanna, rinneadh mír (7) d’Airteagal 8 a mhodhnú ionas gur faoin Ballstát féin a bheidh sé a chinneadh cibé an gcuirfidh sé córas bainistithe cáilíochta (QMS) chun feidhme le haghaidh an údaráis náisiúnta um imscrúdú sábháilteachta muirí nó nach gcuirfidh. Ar mhaithe freisin leis an ualach riaracháin a laghdú, foráiltear anois leis an téacs go bhféadfadh CITanna ‘tuarascálacha simplithe’ a ullmhú, rud a laghdaíonn an t-ualach oibre i gcás nach mbíonn aon bhreisluach le tuarascáil iomlán a scríobh.

15. Ar an tríú dul síos, rinneadh Airteagal 20 a athdhréachtú le go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na hIarscríbhinní a oiriúnú d'fhorbairt an dlí mhuirí idirnáisiúnta i dtaobh tionóiscí a imscrúdú in earnáil an mhuiriompair, agus chun bailiú, comhroinnt agus tuairisciú eolais a éascú.

16. Ar deireadh, chuirfí síneadh leis an spriocdháta le haghaidh trasuí, a mhol an Coimisiún (bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí), ionas gur 4 bliana a bheadh anois ann.

17. Tá forchoimeádas nós imeachta ag an gCoimisiún i gcónaí, ag an gcéim seo den nós imeachta, maidir le gach leasú ar a thogra.

## IV. CONCLÚIDÍ

18. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle teacht ar *chur chuige ginearálta* maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair, bunaithe ar an gcomhréiteach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

**IARSCRÍBHINN**

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

7 IO C , , lch. .

8 IO C , , lch. .

(1) Le Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], bunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair agus déantar foráil maidir le córas imscrúduithe sábháilteachta. Is iad comhlachtaí neamhspleácha arna mbunú sna Ballstáit a dhéanann imscrúdú ar thionóiscí muirí a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin, ar comhlachtaí iad arna mbunú chun sábháilteacht mhuirí a fheabhsú, an mhuirthimpeallacht a chosaint agus chun foghlaim ón am atá caite d'fhonn taismigh agus teagmhais a chosc amach anseo.

(2) Ó tháinig Treoir 2009/18/CE i bhfeidhm, tá athruithe tagtha ar an timpeallacht rialála idirnáisiúnta agus ar fhorbairtí teicneolaíocha. Ba cheart na hathruithe agus na forbairtí sin chomh maith leis an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme Threoir 2009/18/CE a chur san áireamh.

(3) Tagraítear i dTreoir 2009/18/CE do roinnt téacsanna dlí arna nglacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a aisghaireadh, a leasaíodh nó a athbhreithníodh ó tháinig sí i bhfeidhm. Déantar tagairt sa Treoir sin, mar shampla, do 'Cód IMO maidir le hImscrúdú ar Thaismigh agus Teagmhais Mhuirí' (Rún IMO A.849(20) an 27 Samhain 1997) a cúlghaireadh le 'Cód na gCaighdeán Idirnáisiúnta agus na gCleachtas Molta maidir le hImscrúdú Sábháilteachta ar Thaismigh nó Teagmhais Mhuirí (Cód maidir le hImscrúdú Taismeach)' (Rún MSC. 255(84) an 16 Bealtaine 2008) chomh maith le Rún A.1075(28) dar teideal'Treoirlínte chun Cuidiú le hImscrúdaitheoirí maidir le Cur Chun Feidhme an Chóid maidir le hImscrúdú Taismeach (Rún MSC.255(84)).

(4) Tugtar isteach le Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach sainmhínithe nua, an sainmhíniú ar 'Údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí', mar shampla, agus scriostar coincheapa eile, 'taismeach tromchúiseach', mar shampla. Ba cheart na hathruithe sin a ionchorprú i dTreoir 2009/18/CE.

(5) Tagraítear i dTreoir 2009/18/CE freisin do Chiorclán IMO MSC-MEPC.Circ.3 ón mbliain 2008, ar tháinig Ciorclán MSC-MEPC.3/circ.4/rev.1 'Tuarascálacha maidir le Taismigh agus Teagmhais Mhuirí – Nósanna Imeachta Athbhreithnithe um Thuairisciú Comhchuibhithe' an 18 Samhain 2014 ina ionad.

---

[9] IO L 131, 28.5.2009, lch. 114

(6) I dTreoirlínte IMO chun Cuidiú le hImscrúdaitheoirí maidir le Cur chun Feidhme an Chóid maidir le hImscrúdú Taismeach (A.1075(28)), a glacadh an 4 Nollaig 2013, tugtar comhairle phraiticiúil maidir le himscrúdú córasach a dhéanamh ar thaismigh agus ar theagmhais mhuirí agus is cúnamh iad chun anailís éifeachtach agus gníomh coisctheach a fhorbairt. Ba cheart na treoirlínte sin a áireamh i dTreoir 2009/18/CE.

(7) Faoi láthair tá soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad eisiata ó raon feidhme Threoir 2009/18/CE, agus dá bhrí sin níl na himscrúduithe tionóiscí muirí a dhéantar i ndáil leis na soithí iascaireachta sin córasach ná comhchuibhithe. Is minic a iompaíonn na soithí sin béal faoi agus is rud measartha coitianta é go dtiteann baill den chriú thar bord. Dá bhrí sin, ní mór na soithí iascaireachta sin, a gcriúnna agus an comhshaol a chosaint trí réamh-mheasúnú a thabhairt isteach ar thaismigh mhuirí an-tromchúiseach a bhaineann le soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad chun a chinneadh ar cheart do na húdaráis imscrúdú sábháilteachta a oscailt lena gcuirfear san áireamh, *inter alia*, an fhianaise atá ar fáil chomh maith leis bhféidearthacht go bhfágfadh torthaí an imscrúdaithe sábháilteachta go ndéanfaí taismigh agus teagmhais a chosc amach anseo.

(7a) Leis an Treoir seo, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit rialacha náisiúnta a bhunú chun imscrúdú a dhéanamh ar thaismigh mhuirí nó ar theagmhais mhuirí lena mbaineann aon chineál loinge a iompraíonn 12 phaisinéir nó níos lú nó a bhíonn ag feidhmiú chun críocha tráchtála eile.

(8) Níl roinnt sainmhínithe dá bhforáiltear i dTreoir 2009/18/CE soiléir. Ba cheart an sainmhíniú ar fhad soithigh iascaireachta a shonrú, go háirithe nuair atá idirdhealú á dhéanamh maidir le cur chuige agus oibleagáidí na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí bunaithe ar fhad an tsoithigh iascaireachta.

(9) Déantar tagairt i gCód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach do theagmhas nó do shraith teagmhas a tharla 'go díreach i ndáil le hoibríochtaí loinge'. Tá éagsúlacht shuntasach ag baint leis an gcoincheap seo agus ba cheart é a shoiléiriú. Bíonn tionchar ag an éagsúlacht sin ar ghníomhaíochtaí na n-údarás um imscrúdú tionóiscí, go háirithe maidir le tionóiscí i gcalafoirt, na féidearthachtaí a bhaineann le himscrúduithe comhpháirteacha agus bailiú sonraí tionóiscí agus imscrúdaithe.

(10) Luaitear i gCód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach go ndéanfar imscrúdú sábháilteachta muirí i gcás ina dtarlaíonn taismeach muirí an-tromchúiseach. Mar sin féin, níl aon treoir ann maidir leis an tréimhse ama ina gcaithfidh bás tarlú tar éis na tionóisce ionas go measfar gur taismeach muirí an-tromchúiseach nach mór a imscrúdú atá i gceist. Dá bhrí sin, ba cheart an treoir sin a sholáthar i dTreoir 2009/18/CE.

(11) Tá éagsúlacht shuntasach idir údaráis na mBallstát um imscrúdú sábháilteachta muirí ó thaobh líon na mball foirne atá ar fáil agus acmhainní oibríochtúla de, rud a fhágann go ndéantar tuairisciú agus imscrúdú neamhéifeachtach agus neamhréireach ar thaismigh mhuirí. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), tacaíocht anailíse an-speisialaithe a sholáthar le haghaidh imscrúduithe aonair (scileanna boga), chomh maith le huirlisí agus trealamh anailíseacha (crua-earraí).

(12) I bhfianaise a bhfuil ráite, ba cheart do EMSA oiliúint a eagrú maidir le teicnící sonracha agus forbairtí agus teicneolaíochtaí nua a d’fhéadfadh a bheith ábhartha d’imscrúdú tionóiscí a dhéanfar amach anseo. Ba cheart an oiliúint sin a dhíriú, i measc rudaí eile, ar bhreoslaí in-athnuaite agus ar bhreoslaí ísealcharbóin, atá ábhartha go háirithe i bhfianaise an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, ar an uathoibriú, agus ar rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

(12a) Ní mór neamhspleáchas na n-imscrúduithe sábháilteachta a áirithiú i ngach cúinse agus ba cheart gach páirtí a bhfuil baint acu leis na himscrúduithe sin, lena n-áirítear cuideachtaí, institiúidí nó gníomhaireachtaí poiblí nó príobháideacha, a bheith saor ó aon choinbhleacht leasa.

(14) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le forálacha na Treorach seo i ndáil le liosta téacsanna IMO ina raon feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]).

(14a) Chun na hIarscríbhinní a chur in oiriúint d'fhorbairt an dlí mhuirí idirnáisiúnta a bhaineann le himscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair, agus chun bailiú, comhroinnt agus tuairisciú eolais a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dáil le hAirteagal 14(4) agus Airteagal 17(5) den Treoir seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*. Go háirithe, ba cheart an Creat Buanchomhair a bhunaítear leis an Treoir seo a bheith curtha san áireamh sna comhairliúcháin sin. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(15) I bhfianaise thimthriall iomlán chuairteanna EMSA ar na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo tráth nach déanaí ná [*10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach, dá dtagraítear in Airteagal 23*] agus tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith. Ba cheart do na Ballstáit oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú don mheastóireacht.

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(16) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach, eadhon rialacha a leagan síos maidir le himscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair chun an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an mhuirthimpeallacht a chosaint, ach, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(17) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/18/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasuithe ar Threoir 2009/18/CE

Leasaítear Treoir 2009/18/CE mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní bheidh sé mar chuspóir ag na himscrúduithe a dhéanfar de bhun na Treorach seo dliteanas a chinneadh nó milleán a leagan, mar sin ní thabharfar aon locht ná dliteanas le tuiscint le torthaí na n-imscrúduithe sin. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear cosc nó srian ar na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí (dá ngairtear ‘na húdaráis um imscrúdú’ anseo feasta) na cúiseanna le taismeach muirí nó le teagmhas muirí a thuairisciú go hiomlán.’

(2) Leasaítear Airteagal 2 (2) mar a leanas:

(a) *(scriosta)*

(b) Scriostar pointe (d)

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

*'Airteagal 3*

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo:

'1. Ciallaíonn 'Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach' cód na gcaighdeán idirnáisiúnta agus na gcleachtas molta le haghaidh imscrúdú sábháilteachta ar thaismigh nó ar theagmhais mhuirí atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.255(84) ó Choiste Sábháilteachta Muirí IMO, sa leagan atá cothrom le dáta;

2. ciallaíonn 'Treoirlínte IMO chun cabhrú le hImscrúdaitheoirí Cód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach a chur chun feidhme' na treoirlínte a glacadh i dTionól IMO le Rún A.1075(28) an 4 Nollaig 2013, sa leagan atá cothrom le dáta;

3. tuigfear na téarmaí seo a leanas i gcomhréir leis na sainmhínithe atá i gCód IMO maidir le hImscrúdú Taismeach:

(a) 'taismeach muirí';

(b) 'taismeach muirí an-tromchúiseach';

(c) 'teagmhas muirí';

(d) 'imscrúdú sábháilteachta muirí';

(e) 'Údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí';

(f) 'Stát imscrúdaithe sábháilteachta muirí;

(g) 'Stát a bhfuil leas substainteach aige';

(h) 'gortú tromchúiseach';

4. Ciallóidh ‘Treoirlínte IMO maidir le Cóir Chothrom do Mharaithe i gcás Tionóisc Mhuirí’ na treoirlínte atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún LEG.3(91) ó Choiste Dlí IMO an 27 Aibreán 2006 arna bhformheas ag Comhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ag an 296ú seisiún dá chuid an 12 go dtí an 16 Meitheamh 2006;

5. tuigfear na téarmaí ‘long paisinéirí róró’ agus ‘árthach paisinéirí ardluais’ i gcomhréir leis na sainmhínithe atá in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2017/2110[11];

6. tuigfear ‘taifeadán sonraí turais’ (dá ngairtear ‘VDR’ anseo feasta) agus taifeadán sonraí turais simplithe (dá ngairtear ‘S-VDR’ anseo feasta) i gcomhréir leis an sainmhíniú atá i Rún MSC.333(90) agus MSC. 163(78) de Choiste Sábháilteachta Muirí IMO ina leaganacha cothrom le dáta, arna bhforlíonadh le caighdeáin feidhmíochta ábhartha IMO ag brath ar dháta na suiteála ar bord, gan dochar do reachtaíocht an Aontais;

7. ciallóidh ‘moladh sábháilteachta’ aon togra arna dhéanamh, lena n-áirítear chun críocha clárúcháin agus rialaithe, ag na daoine seo a leanas:

(a) údarás um imscrúdú an Stáit a sheolann an t-imscrúdú sábháilteachta, nó a threoraíonn an t-imscrúdú sábháilteachta, ar bhonn faisnéise a dhíorthaítear ón imscrúdú sin; nó i gcás inarb iomchuí,

(b) an Coimisiún, ag gníomhú dó ar bhonn anailís theibí ar shonraí agus ar thorthaí na n-imscrúduithe sábháilteachta a rinneadh.

8. tuigfear ‘fad soithigh iascaireachta’ i gcomhréir leis an sainmhíniú atá in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/1130[12];

---

11 Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d’oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus árthaí paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61).

12 Rialachán (AE) 2017/1130 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 lena sainmhínítear saintréithe soithí iascaireachta (IO L 169, 30.6.2017, lch. 1)

9. ciallaíonn 'díobháil mharfach' díobháil a bhaineann do dhuine i dtionóisc agus gur trúig bháis dó nó di í laistigh de 15 lá ó dháta na tionóisce, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ghaolmhar ar fáil.'

(4) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) neamhspleách ar imscrúduithe coiriúla nó ar imscrúduithe comhthreomhara eile a dhéantar chun dliteanas a chinneadh nó chun milleán a chionroinnt agus go bhfuil údaráis um imscrúdú in ann tuairisciú ar thorthaí imscrúdaithe sábháilteachta muirí gan treoir ná cur isteach ó aon duine, eagraíocht nó páirtí a bhféadfadh a thoradh difear a dhéanamh dóibh.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b):

'(b) gníomhaíochtaí a n-údarás um imscrúdú faoi seach a chomhordú a mhéid is gá chun cuspóir na Treorach seo a bhaint amach.'

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*'Airteagal 5*

Oibleagáid chun imscrúdú a dhéanamh

1. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh an t-údarás um imscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 8 imscrúdú sábháilteachta tar éis taismeach muirí an-tromchúiseach:

(a) ina mbeidh long a mbeidh a bhratach ar foluain aici, gan beann ar an áit a bhfuil an taismeach;

(b) a tharlaíonn laistigh dá fharraige theorann agus dá uiscí inmheánacha mar a shainmhínítear in UNCLOS iad, beag beann ar bhratach na loinge nó na long a bhfuil baint acu leis an taismeach; nó

(c) a bhfuil leas substaintiúil an Bhallstáit ag baint leis, beag beann ar shuíomh an taismigh agus ar shuíomh bhratach na loinge nó na long lena mbaineann.

2. I gcás soitheach iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad, déanfaidh an t-údarás um imscrúdú réamh-mheasúnú ar an taismeach muirí an-tromchúiseach chun a chinneadh an ndéanfar imscrúdú sábháilteachta nó nach ndéanfar.

I gcásanna ina gcinnfidh an t-údarás um imscrúdú gan tabhairt faoi imscrúdú sábháilteachta ar thaismeach muirí an-tromchúiseach a bhaineann le soitheach iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar, déanfar na cúiseanna leis an gcinneadh sin a thaifeadadh agus tabharfar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17(3).

3. Sna cinntí dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh an t-údarás um imscrúdú san áireamh an fhianaise a bheidh ar fáil chomh maith leis an bhféidearthacht go ndéanfaí taismigh agus teagmhais a chosc amach anseo mar thoradh ar thorthaí an imscrúdaithe sábháilteachta. I gcás aon taismeach nó teagmhas muirí eile, cinnfidh an t-údarás um imscrúdú cé acu a thabharfar faoi imscrúdú sábháilteachta nó nach dtabharfar.

4. Is é údarás um imscrúdú an Bhallstáit atá i gceannas a chinnfidh an raon feidhme agus na socruithe praiticiúla maidir le himscrúduithe sábháilteachta a dhéanamh i gcomhar le húdaráis choibhéiseacha na Stát eile a bhfuil leas substainteach acu, ar an mbealach is mó a fheictear dó a chabhródh le cuspóir na Treorach seo a bhaint amach, agus d’fhonn taismí agus teagmhais a chosc amach anseo.

5. Agus imscrúduithe sábháilteachta á ndéanamh aige, leanfaidh an t-údarás um imscrúdú Treoirlínte IMO chun cabhrú le himscrúdaitheoirí an Cód maidir le hImscrúdú Taismeach a chur chun feidhme. Féadfaidh imscrúdaitheoirí imeacht ó na treoirlínte sin i gcás inar féidir údar a thabhairt leis sin de réir mar is gá, ina mbreithiúnas gairmiúil chun aidhmeanna an imscrúdaithe a bhaint amach. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a ghlacadh maidir le cur chun feidhme na dtreoirlínte sin, agus aon cheachtanna ábhartha a foghlaimíodh i ngeall ar na himscrúduithe sábháilteachta sin á gcur san áireamh, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis um imscrúdú i ndáil leis an gcreat buanchomhair a shainítear in Airteagal 10.

6. Agus cinneadh á dhéanamh an amhlaidh gur tharla taismeach muirí nó teagmhas muirí taobh le duga, i gcás soitheach feistithe nó i nduga, a raibh baint ag oibrithe ar tír nó ar chalafort leis, 'go díreach i dtaca le hoibríochtaí loinge' agus an amhlaidh, dá bhrí sin, go bhfuil sé faoi réir imscrúdú sábháilteachta, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ar rannpháirtíocht agus ábharthacht struchtúr, threalamh, nósanna imeachta, chriú agus bhainistíocht na loinge maidir leis an ngníomhaíocht atá á déanamh.

7. Cuirfear tús le himscrúdú sábháilteachta gan mhoill tar éis don taismeach nó don teagmhas muirí tarlú agus, ar aon chuma, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis dó tarlú.

8. Más rud é, le linn imscrúdú sábháilteachta muirí, go dtagann sé chun solais go ndearnadh cion faoi Airteagail 3, 3bis, 3ter nó 3quarter den Choinbhinsiún maidir le Cosc a Chur le Gníomhartha Neamhdhleathacha in aghaidh Shábháilteacht na Loingseoireachta Muirí, 1988, sa leagan de atá cothrom le dáta, cuirfidh an t-údarás um imscrúdú, agus an dlí náisiúnta á chur san áireamh aige, údaráis slándála muirí an Bhallstáit nó na mBallstát agus aon tríú tír lena mbaineann ar an eolas láithreach.'

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*'Airteagal 6*

Oibleagáid fógra a thabhairt

Cuirfidh Ballstát de cheangal, faoi chuimsiú a chórais dlí, go dtabharfaidh na húdaráis atá freagrach agus/nó na páirtithe lena mbaineann nó go dtabharfaidh siad araon fógra dá n-údarás um imscrúdú gan mhoill faoi tharlú na dtaismeach agus na dteagmhas uile a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.'

(7) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Beidh seoladh imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara ar an taismeach nó teagmhas muirí céanna teoranta go docht do chásanna eisceachtúla. I gcásanna mar sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cúiseanna atá leis na himscrúduithe comhthreomhara sin a dhéanamh. Comhoibreoidh na Ballstáit a sheolann imscrúduithe sábháilteachta comhthreomhara lena chéile. Go háirithe, malartóidh na húdaráis um imscrúdú lena mbaineann aon fhaisnéis ábhartha a bhaileofar le linn a n-imscrúduithe faoi seach, go háirithe chun teacht ar chonclúidí comhroinnte, a mhéid is féidir.'

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Le linn an imscrúdaithe sábháilteachta muirí, cuideoidh na Ballstáit a bhfuil leas substainteach acu, a mhéid is praiticiúil, leis an mBallstát nó na Ballstáit atá ag déanamh an imscrúdaithe sábháilteachta muirí trí rochtain a thabhairt ar fhaisnéis atá ábhartha don imscrúdú sábháilteachta muirí. Féadfar rochtain a thabhairt freisin don imscrúdaitheoir nó do na himscrúdaitheoirí a dhéanann imscrúdú sábháilteachta muirí ar fhaisnéis atá i seilbh suirbhéirí Rialtais, oifigigh gharda cósta, oibreoirí seirbhísí tráchta loinge, píolótaí agus pearsanra muirí eile de chuid an Stáit a bhfuil leas substainteach aige, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcás ina mbeidh long paisinéirí róró nó árthach paisinéirí ardluais páirteach i dtaismeach nó i dteagmhas muirí, is é an Ballstát ar ina fharraige theorann nó ina uiscí inmheánacha, mar a shainmhínítear in UNCLOS iad, a tharla sé a sheolfaidh an nós imeachta um imscrúdú sábháilteachta; más in uiscí eile a tharla an taismeach nó an teagmhas muirí, áfach, is é an Ballstát deireanach ar ar thug an long paisinéirí róró nó an t-árthach paisinéirí ardluais sin cuairt a sheolfaidh an nós imeachta sin. Leanfaidh an Stát sin de bheith freagrach as an imscrúdú sábháilteachta agus as an gcomhordú le Ballstáit eile a bhfuil leas substaintiúil acu go dtí go gcomhaontófar go frithpháirteach cé acu díobh a bheidh i gceannas ar an imscrúdú.'

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*'Airteagal 8*

Údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar imscrúduithe sábháilteachta muirí faoi fhreagracht Údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí atá neamhchlaonta, neamhspleách agus buan, ag a mbeidh na cumhachtaí is gá agus acmhainní leordhóthanacha agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha, agus ag imscrúdaitheoirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus atá inniúil ar ábhair a bhaineann le taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí chun a n-oibleagáidí de bhun na Treorach seo a chomhlíonadh.

Ní chuirtear cosc ar imscrúdaitheoirí a cheapadh go hiomchuí a bhfuil na scileanna speisialtóireachta riachtanacha acu chun a bheith mar chuid d'imscrúdú sábháilteachta muirí ar bhonn sealadach, ná ar chomhairleoirí a úsáid chun sainchomhairle a sholáthar maidir le haon ghné d'imscrúdú sábháilteachta muirí.

Chun imscrúdú sábháilteachta a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, beidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí neamhspleách ó thaobh a eagraithe, a struchtúir dhlíthiúil agus a chinnteoireachta de d'aon pháirtí a bhféadfadh a leasanna teacht salach ar an gcúram a chuirtear air.

Maidir leis na Ballstáit thalamhiata nach bhfuil longa ná soithí acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, sainaithneoidh siad pointe fócasach neamhspleách chun comhoibriú san imscrúdú sábháilteachta de bhun Airteagal 5(1)(c).

2. Áiritheoidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí go mbeidh eolas oibre agus taithí phraiticiúil ag imscrúdaitheoirí aonair ar na réimsí ábhair sin a bhaineann lena ngnáthdhualgais imscrúdaitheacha. Ina theannta sin, áiritheoidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí go mbeidh rochtain réidh aige ar shaineolas iomchuí, de réir mar is gá.

3. Féadfar na gníomhaíochtaí a chuirtear mar chúram ar an údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí a leathnú chuig bailiú agus anailísiú sonraí a bhaineann le sábháilteacht mhuirí, go háirithe chun críocha coisc the, a mhéid nach ndéanann na gníomhaíochtaí sin difear dá neamhspleáchas nó nach ngabhann freagracht leo ó thaobh nithe a bhaineann le rialáil, riarachán nó caighdeánú.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú a gcóras dlí faoi seach, go ndéanfar aon fhaisnéis a bhaineann le seoladh an imscrúdaithe sábháilteachta muirí a sholáthar d'imscrúdaitheoirí a údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí, nó d'aon údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí eile a ndearna sé cúram an imscrúdaithe sábháilteachta muirí a tharmligean chuige, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis na húdaráis atá freagrach as an bhfiosrúchán breithiúnach, agus údarófar dóibh, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rochtain a bheith acu ar aon limistéar ábhartha nó láithreán taismigh chomh maith le rochtain a bheith aige ar aon long, raic nó struchtúr lena n-áirítear lasta, trealamh nó smionagar;

(b) a áirithiú go liostófar láithreach fianaise agus go ndéanfar cuardach rialaithe agus go mbainfear raic, smionagar nó comhpháirteanna nó substaintí eile lena scrúdú nó lena n-anailísiú;

(c) a cheangal go ndéanfar scrúdú nó anailís ar na míreanna dá dtagraítear i bpointe (b), agus go mbeidh saor-rochtain acu ar thorthaí na scrúduithe nó na hanailíse sin;

(d) saor-rochtain a bheith acu ar aon fhaisnéis ábhartha agus ar aon sonraí taifeadta, lena n-áirítear sonraí VDR nó S-VDR, a bhaineann le long, taifeadtaí tráchta soithigh, turas, lasta, criú nó aon duine, réad, bail nó imthoisc eile, agus bheith in ann cóipeáil a dhéanamh orthu agus úsáid a bhaint astu;

(e) saor-rochtain a bheith acu ar thorthaí scrúduithe ar chorpáin na n-íospartach nó ar thorthaí tástálacha a rinneadh ar shamplaí a tógadh ó chorpáin na n-íospartach;

(f) a cheangal ar dhaoine a bhfuil baint acu le hoibriú loinge nó aon duine ábhartha eile, agus saor-rochtain a bheith acu ar thorthaí scrúduithe nó tástálacha a rinneadh ar shamplaí a tógadh ó dhaoine a bhfuil baint acu le hoibriú loinge nó ó aon duine ábhartha eile;

(g) finnéithe a chur faoi agallamh in éagmais aon duine a bhféadfaí a mheas go bhfuil a leasanna díobhálach don imscrúdú sábháilteachta;

(h) taifid suirbhéireachta agus faisnéis ábhartha atá i seilbh an Stáit brataí, na n-úinéirí, na gcomhlachtaí aicmiúcháin nó aon pháirtí ábhartha eile a fháil, aon uair a bheidh na páirtithe sin nó a n-ionadaithe bunaithe sa Bhallstát;

(i) cúnamh a lorg ó na húdaráis ábhartha sna Stáit faoi seach, lena n-áirítear suirbhéirí Stáit brataí agus suirbhéirí Stát an chalafoirt, oifigigh gharda cósta, oibreoirí seirbhíse um thrácht árthaí, foirne cuardaigh agus tarrthála, píolótaí nó pearsanra calafoirt nó muirí eile;

5. Cuirfear ar chumas an údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí freagra a thabhairt láithreach ar fhógra a fháil tráth ar bith maidir le taismeach, agus acmhainní leordhóthanacha a fháil chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách. Tabharfar stádas dá imscrúdaitheoirí sábháilteachta muirí a thabharfaidh dóibh na ráthaíochtaí is gá maidir le neamhspleáchas.

6. Féadfaidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí a chúraimí faoin Treoir seo a chomhcheangal leis an obair chun imscrúdú a dhéanamh ar tharluithe eile seachas taismigh mhuirí ar an gcoinníoll nach gcuirfear a neamhspleáchas i mbaol de dheasca na n-imscrúduithe sin.

7. Féadfaidh gach Ballstát córas bainistíochta cáilíochta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil dá údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí.

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

*'Airteagal 9*

Rúndacht

1. Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú a gcóras dlí, nach gcuirfear na taifid seo a leanas ar fáil chun críocha seachas an t-imscrúdú sábháilteachta muirí, ach amháin má chinneann an t-údarás inniúil sa Bhallstát sin go bhfuil leas sáraitheach poiblí ann ina nochtadh, lena n-áirítear na cásanna ina mbaintear de thátal as gur mó iad na tairbhí a bhaineann leis an nochtadh ná an drochthionchar intíre agus idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ag gníomh den sórt sin ar imscrúdú sábháilteachta sin nó ar aon imscrúdú sábháilteachta a dhéanfaí amach anseo:'

a) gach ráiteas a ghlac an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí ó dhaoine le linn an imscrúdaithe sábháilteachta muirí;

b) taifid inar nochtar céannacht na ndaoine a thug fianaise i gcomhthéacs an imscrúdaithe sábháilteachta muirí;

c) faisnéis a bhailíonn an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí, ar faisnéis í de chineál íogair agus phearsanta, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le sláinte daoine aonair;

d) ábhar a sholáthraítear ina dhiaidh sin le linn an imscrúdaithe sábháilteachta muirí, mar shampla, nótaí, dréachtaí, tuairimí a scríobh na himscrúdaitheoirí sábháilteachta muirí, tuairimí a cuireadh in iúl le linn an fhaisnéis a anailísiú;

e) faisnéis agus fianaise a sholáthraíonn imscrúdaitheoirí sábháilteachta muirí ó Bhallstáit eile nó ó thríú tíortha i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le cleachtais mholta, i gcás ina n-iarrann an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí sin a leithéid;

f) dréacht de thuarascálacha eatramhacha, de thuarascálacha gonta nó de thuarascálacha críochnaitheacha;

g) gach cumarsáid idir daoine a raibh baint acu le hoibriú na loinge;

h) taifeadtaí i scríbhinn nó taifeadtaí leictreonacha agus tras-scríbhinní ó thaifeadtaí ón tseirbhís um thrácht árthaí, lena n-áirítear a dtuarascálacha agus torthaí arna n-ullmhú chun críoch inmheánach

2. Ní dhéanfar taifeadán sonraí muiraistir ná taifid taifeadán turas simplithe ó imscrúdú sábháilteachta muirí a chur ar fáil ná a úsáid chun críocha seachas críocha an imscrúdaithe sábháilteachta muirí nó shábháilteacht na loinge, ach amháin i gcás ina ndéanfar na taifid sin a anaithnidiú nó a nochtadh faoi nósanna imeachta slána.

3. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, ní fhéadfar ach sonraí a bhfuil fíorghá leo a nochtadh.

4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na cásanna ina ndéantar cinneadh um scaoileadh a theorannú, agus dlí an Aontais á urramú acu.'

(10) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Bunóidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, creat buanchomhair lena gcuirfear ar chumas a n-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí faoi seach comhoibriú eatarthu féin a mhéid is gá chun cuspóir na Treorach seo a bhaint amach.'

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre tosaigh agus phointe (a):

‘3. Laistigh den chreat buanchomhair, tiocfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí sna Ballstáit ar chomhaontú, go háirithe, maidir leis na módúlachtaí comhair is fearr chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a chur ar chumas na n-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí suiteálacha, saoráidí agus trealamh a roinnt chun imscrúdú teicniúil a dhéanamh ar raic agus ar threalamh na loinge agus ar réada eile atá ábhartha maidir leis na himscrúduithe sábháilteachta, lena n-áirítear faisnéis ó VDRanna nó S-VDRanna agus ó fheistí leictreonacha eile a bhaint agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.’

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (h) agus (i):

(h) comhar a chur chun cinn le húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí tríú tíortha agus leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta um imscrúdú tionóiscí muirí sna réimsí a chumhdaítear leis an Treoir seo;

(i) aon fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil d’údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí a sheolann imscrúduithe sábháilteachta muirí.’

(10a) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Beidh comhar Ballstáit in imscrúdú sábháilteachta muirí arna dhéanamh ag tríú tír a bhfuil spéis mhór aici ann gan dochar do cheanglais iompair agus tuairiscithe na n-imscrúduithe sábháilteachta muirí faoin Treoir seo. I gcás ina bhfuil tríú tír a bhfuil leas mór aici i mbun imscrúdú sábháilteachta muirí a bhfuil baint ag Ballstát amháin nó níos mó léi, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan imscrúdú comhthreomhar sábháilteachta muirí a dhéanamh, ar choinníoll go ndéanfar an t-imscrúdú sábháilteachta muirí faoi stiúir tríú tír i gcomhréir le Cód IMO chun Taismí agus Teagmhais Mhuirí a Imscrúdú. Sna cásanna sin, ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 14 maidir le húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí na mBallstát.’

(10b) in Airteagal 13 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) an fhaisnéis uile a shábháil ó chairteacha, logleabhair, taifeadadh leictreonach agus maighnéadach agus fístéipeanna, lena n-áirítear faisnéis ó VDRanna nó S-VDRanna agus ó fheistí leictreonacha eile a bhaineann leis an tréimhse roimh, le linn agus i ndiaidh tionóisce;’

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

*'Airteagal 14*

Tuarascálacha ar thionóisc

1. Beidh mar thoradh ar imscrúduithe sábháilteachta a dhéanfar faoin Treoir seo tuarascáil fhoilsithe ar thionóisc a thíolacfar i bhformáid arna sainiú ag an údarás inniúil um imscrúdú sábháilteachta muirí agus i gcomhréir leis na ranna ábhartha d'Iarscríbhinn I.

Féadfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí a chinneadh go mbeidh tuarascáil ghonta mar thoradh ar imscrúdú sábháilteachta muirí agus go foilseofar í sna cásanna seo a leanas:

(a) nach mbaineann an t-imscrúdú sábháilteachta le taisme mhuirí an-tromchúiseach; nó

(b) nach bhféadfadh an taismeach muirí agus fionnachtana na dtaismeach muirí sin a bheith ina gcúis le cosc a chur le taismigh agus teagmhais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

2. Déanfaidh na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí gach iarracht an tuarascáil ar thionóisc dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear na conclúidí agus aon mholadh a d'fhéadfadh a bheith inti, a chur ar fáil don phobal, go háirithe don earnáil mhuirí, laistigh de 12 mhí ó dháta an taismigh. Más rud é, i gcás taismigh an-tromchúiseach, nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach ar thionóisc a chur ar fáil laistigh den tréimhse sin, foilseofar tuarascáil eatramhach ar thionóisc laistigh de 12 mhí ó dháta an taismigh.

3. Cuirfidh údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí an Bhallstáit imscrúdúcháin atá i gceannas cóip den tuarascáil chríochnaitheach nó den tuarascáil eatramhach chuig an gCoimisiún. Cuirfidh an t-údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí san áireamh barúlacha teicniúla féideartha ón gCoimisiún maidir le tuarascálacha críochnaitheacha nach ndéanann difear do shubstaint na dtorthaí chun cáilíocht na tuarascála ar thionóisc a fheabhsú ar an mbealach is mó a chabhródh le cuspóir na Treorach seo a bhaint amach.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 20, chun na codanna a bhaineann le faisnéis fhíorasach, insint agus anailís Iarscríbhinn I a leasú nó a fhorlíonadh.'

(12) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na seolaithe moltaí sábháilteachta arna ndéanamh ag na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí a chur san áireamh go cuí agus, i gcás inarb iomchuí, go dtabharfar obair leantach leordhóthanach dóibh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí nó an Coimisiún moltaí sábháilteachta ar bhonn anailís theibí ar shonraí agus ar thorthaí foriomlána na n-imscrúduithe sábháilteachta muirí a dhéanfar.'

(13) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Gan dochar dá cheart chun foláireamh luath a thabhairt, déanfaidh údarás um imscrúdú sábháilteachta muirí Ballstáit, ag aon chéim d'imscrúdú sábháilteachta, má mheasann sé go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach ar leibhéal an Aontais chun riosca i ndáil le taismigh nua a chosc, an Coimisiún a chur ar an eolas gan mhoill faoin ngá le foláireamh luath a thabhairt.'

(14) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. Tabharfaidh na Ballstáit fógra in EMCIP faoi gach taismeach agus teagmhas muirí i gcomhréir leis an bhformáid in Iarscríbhinn II agus, nuair a dhéantar imscrúdú sábháilteachta muirí, soláthróidh siad sonraí a thagann as imscrúduithe sábháilteachta muirí i gcomhréir le scéim bhunachar sonraí EMCIP. I gcás soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar ar fhad, ní gá ach taismigh mhuirí an-tromchúiseach a thuairisciú. Nuair nach ndéantar imscrúdú ar thaismigh mhuirí an-tromchúiseach a bhaineann le soithí iascaireachta atá níos lú ná 15 mhéadar, ní mór na cúiseanna nach ndearna siad amhlaidh a thuairisciú.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Tabharfaidh údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí na mBallstát fógra do EMCIP faoi gach taismeach muirí an-tromchúiseach. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an t-údarás náisiúnta inniúil nó na húdaráis náisiúnta inniúla a ainmniú chun tuairisciú a dhéanamh ar gach taismeach agus teagmhas muirí eile. Nuair a bheidh an Coimisiún ar an eolas faoi thaismeach nó teagmhas muirí, cuirfidh sé na húdaráis náisiúnta inniúla ar an eolas faoi sin.’

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn II a leasú nó a fhorlíonadh, a bhaineann leis an bhfaisnéis atá le soláthar inti chun modhnuithe IMO ar Chód Imscrúdaithe Taismí IMO nó ar Threoirlínte gaolmhara IMO a chur san áireamh.’

(15) Cuirtear an t-airteagal nua seo a leanas isteach:

*'Airteagal 17a*

Tacaíocht oiliúna agus oibríochtúil

1. Arna iarraidh sin go sonrach d'údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí na mBallstát, éascóidh an Coimisiún forbairt acmhainní agus comhroinnt eolais laistigh de na húdaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí agus eatarthu trí oiliúint a chur ar fáil maidir le forbairtí nua dlí agus teicneolaíochta, teicnící agus uirlisí sonracha agus teicneolaíochtaí a bhaineann le longa, a dtrealamh agus a n-oibríochtaí.

2. Arna iarraidh sin d'údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí na mBallstát, agus ar chuntar nach dtagann aon choinbhleacht leasa chun cinn, soláthróidh an Coimisiún tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit sin agus iad i mbun a n-imscrúduithe sábháilteachta muirí. Féadfar a áireamh ar thacaíocht mar sin soláthar uirlisí nó trealaimh speisialaithe anailíseacha, chomh maith le saineolas sonrach nach bhfuil ag teastáil go coitianta ó údaráis um imscrúdú sábháilteachta muirí, fad a áirithítear a neamhspleáchas.'

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

*'Airteagal 19*

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.'

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

*'Airteagal 20*

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14(4) agus in Airteagal 17(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [*dháta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh*].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 14(4) agus in Airteagal 17(5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 14(4) agus Airteagal 17(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

*'Airteagal 23*

Athbhreithniú ar chur chun feidhme

Cuirfidh an Coimisiún faoin [*Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach dáta: 10 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo*] tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme, agus comhlíonadh na Treorach seo.'

(19) in Airteagal 24, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

> '3. Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún le héifeacht ó dhul in éag thréimhse thrasuí na Treorach seo mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) den Treoir... [*cuir isteach an tagairt don Treoir mhodhnaithe*].'

*Airteagal 2*

Trasuí

1. Na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin atá riachtanach chun go gcomhlíonfaidh na Ballstáit an Treoir seo, déanfaidh na Ballstáit sin iad a ghlacadh agus a fhoilsiú tráth nach déanaí ná 4 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt mar sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach chun tagairt mar sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |